2024/1940

12.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1940 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Iúil 2024

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040 ón gCoimisiún ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine ('TPE') ag a bhfuil uimhir shlaodachta 78 ml/g nó níos airde, de réir Caighdeán ISO 1628-5, arna tomhas de réir an tuaslagóra feanól/1,2-déchlóraibeinséin (50/50), nó arna tiontú ann sin, a thagann faoi chód AC ex 3907 61 00 faoi láthair (cód TARIC 3907 61 00 10) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

(2) Mar a leagtar amach in aithrisí (24) go (27) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040, déantar uimhir shlaodachta TPE a thomhas de réir tuaslagán TPE i dtuaslagóir áirithe agus, ar mhaithe le soiléireacht, le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach i measc údaráis chustaim na mBallstát agus le comhsheasmhacht leis an gcaighdeán DIN 53728 a bhí infheidhme roimhe seo, ar tháinig ISO 1628-5 ina ionad, ba cheart slaodacht TPE a thomhas sa tuaslagóir feanól/1,2-déchlóraibeinséin (50/50) nó a thiontú ann sin.

(3) Mar sin féin, cumhdaíodh le raon feidhme an imscrúdaithe aon TPE ag a bhfuil uimhir shlaodachta 78 ml/g nó níos airde aige. Fágann sé sin, fiú má dhéantar slaodacht an táirge a thomhas de réir tuaslagóirí eile (nó meascán díobh), nó má dhéantar í a thiontú iontu sin, bíonn dleacht frithdhumpála dlite nuair atá an uimhir shlaodachta 78 ml/g nó níos airde.

(4) Fágann sé sin, an tagairt don uimhir shlaodachta arna tomhas sa tuaslagóir feanól/1,2-déchlóraibeinséin (50/50), nó arna tiontú ann sin, ba cheart an tagairt sin a bhaint den sainmhíniú táirge in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040.

(5) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040 a cheartú dá réir.

(6) Tá feidhm ag an gceartúchán seo ó theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040, is é sin an 3 Aibreán 2024.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar Airteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040 a cheartú mar a leanas:

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1040 ón gCoimisiún an 27 Márta 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 2024/1040, 2.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1040/oj).

‘1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí teireataláite poileitiléine (‘TPE’) ag a bhfuil slaodacht 78 ml/g nó níos airde, a thagann faoi chód AC 3907 61 00 faoi láthair agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Aibreán 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN